Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Meitheamh 2025**
**(OR. en)**

**10113/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0144 (NLE)**

**IXIM 124**
**JAI 837**
**ENFOPOL 200**
**CRIMORG 103**
**JAIEX 59**
**AVIATION 78**
**DATAPROTECT 114**
**N 30**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 12 Meitheamh 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 282 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua ('an Iorua') maidir le sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR) a aistriú chun cionta sceimhlitheoireachta agus an choireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 282 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 282 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.6.2025
COM(2025) 282 final

2025/0144 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua ('an Iorua') maidir le sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR) a aistriú chun cionta sceimhlitheoireachta agus an choireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh**

**MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN**

Baineann an togra seo le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe le Ríocht na hIorua (‘an Iorua’) maidir le sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR) a aistriú chun cionta sceimhlitheoireachta agus an choireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh (‘an Comhaontú’).

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Tá sé fíor-riachtanach an comhar idirnáisiúnta maidir le forfheidhmiú an dlí, lena n-áirítear maidir le malartú faisnéise, a neartú chun aghaidh a thabhairt ar na bagairtí a bhaineann leis an sceimhlitheoireacht agus le coireanna tromchúiseacha trasnáisiúnta. Sa tuarascáil dheireanach a d’fhoilsigh Europol[1] maidir leis an Measúnú ar Bhagairt na Coireachta Tromchúisí agus Eagraithe, léirítear an ghné idirnáisiúnta a bhaineann le gníomhaíochtaí fhormhór na n-eagraíochtaí coireachta tromchúisí. Sa bhreis air sin, sa Tuarascáil dheireanach uaidh maidir le Staid agus Treochtaí na Sceimhlitheoireachta[2], cuirtear i dtábhacht na naisc dhíreacha idir an taisteal trasnáisiúnta agus eagrú gníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta agus na coireachta tromchúisí, mar aon leis an tábhacht a bhaineann le cionta coiriúla tromchúiseacha eile a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh go héifeachtúil chun cionta sceimhlitheoireachta a chosc agus a bhrath.

Is é atá i gceist le sonraí as an taifead ainmneacha paisinéirí (PNR), faisnéis a sholáthraíonn paisinéirí, agus a dhéanann córais rialaithe áirithinte agus imeachta na n- aeriompróirí a bhailiú agus a choinneáil chun a gcríoch tráchtála féin. Bíonn inneachar sonraí PNR ag athrú ag brath ar an bhfaisnéis a thugtar le linn an phróisis áirithinte agus seiceála isteach agus d’fhéadfadh dátaí taistil agus plean taistil iomlán an phaisinéara nó an ghrúpa paisinéirí atá ag taisteal le chéile, sonraí teagmhála amhail seoladh agus uimhir theileafóin, faisnéis íocaíochta, uimhir shuíocháin agus faisnéis faoi bhagáiste a bheith i gceist léi, mar shampla.

Trí shonraí PNR a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu, is féidir eilimintí tábhachtacha a sholáthar do na húdaráis trínar féidir leo patrúin taistil amhrasacha a bhrath agus comhpháirtithe coirpeach agus sceimhlitheoirí a shainaithint, go háirithe iad siúd nach raibh na húdaráis forfheidhmithe dlí ar an eolas fúthu roimhe seo. Dá réir sin, tá próiseáil sonraí PNR anois ina huirlis forfheidhmithe dlí a mbaintear úsáid aisti go forleathan san Aontas agus lasmuigh de, chun an sceimhlitheoireacht agus cineálacha eile coireanna tromchúiseacha a bhrath, cuir i gcás cionta a bhaineann le drugaí, gáinneáil ar dhaoine agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí, agus chun coireanna den sórt sin a chosc freisin. Tá sé cruthaithe freisin gur foinse thábhachtach faisnéise í chun tacú le himscrúdú agus ionchúiseamh cásanna ina ndearnadh gníomhaíochtaí mídhleathacha den sórt sin[3].

Cé go bhfuil sé ríthábhachtach chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht thromchúiseach a chomhrac, is cur isteach ar chosaint chearta na ndaoine aonair maidir lena gcuid sonraí pearsanta é aistriú sonraí PNR chuig tríú tíortha mar aon lena bpróiseáil ag

---

[1] Measúnú ar Bhagairt na Coireachta Tromchúisí agus Eagraithe (SOCTA) Europol

[2] https://www.europol.europa.eu/publication-events/main-reports/european-union-terrorism-situation-and-trend-report-2024-eu-te-sat

[3] Féach freisin an Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis an athbhreithniú ar Threoir (AE) 2016/681 maidir le húsáid sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR) chun cionta sceimhlitheoireachta agus an choireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh; COM(2020) 305 final (24.7.2020).

údaráis na dtíortha sin. Ar an gcúis sin, tá bunús dlí ag teastáil ina leith faoi dhlí an Aontais agus ní mór dó a bheith riachtanach, comhréireach agus faoi réir teorainneacha dochta agus coimircí éifeachtacha a rathaítear leis an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe in Airteagail 6, 7, 8, 21, 47 agus 52 de. Chun na cuspóirí tábhachtacha sin a bhaint amach, tá gá le cothromaíocht chóir a aimsiú idir an cuspóir dlisteanach maidir leis an tslándáil phoiblí a chaomhnú agus an ceart atá ag gach duine tairbhiú de chosaint a shonraí phearsanta agus a shaoil phríobháidigh.

In 2016 ghlac Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh Treoir (AE) 2016/681 maidir le húsáid sonraí PNR chun cionta sceimhlitheoireachta agus an choireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh ('Treoir PNR')[4]. Leis an Treoir sin, rialaítear aistriú agus próiseáil sonraí PNR san Aontas Eorpach agus leagtar síos coimircí tábhachtacha chun cearta bunúsacha a chosaint, go háirithe an ceart chun príobháideachais agus an ceart chun cosanta sonraí pearsanta. I mí an Mheithimh 2022, dheimhnigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh bailíocht agus comhlíontacht na Treorach sin i leith na Cairte um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus i leith Chonarthaí an Aontais sa bhreithiúnais uaithi i gCás C-817/19[5].

Tá freagracht chomhroinnte ar an Iorua agus ar Bhallstáit den Aontas ar Páirtithe Conarthacha iad i gCoinbhinsiún Schengen[6] an tslándáil inmheánach a áirithiú laistigh de limistéar coiteann gan rialuithe teorann inmheánaí, lena n- áirítear trí fhaisnéis ábhartha a mhalartú. Léiríodh trí shonraí PNR a phróiseáil go bhféadfaí slándáil limistéar Schengen a mhéadú trí fheabhas a chur ar chosc agus brath na coireachta tromchúisí agus na sceimhlitheoireachta ag na teorainneacha seachtracha agus trí chur chuige rioscabhunaithe sonraí- thiomáinte a sholáthar a fhéadfaidh Ballstáit a úsáid laistigh de limistéar Schengen mar bheart cúiteach as an easpa rialuithe ag na teorainneacha inmheánacha[7].

Ghlac an Iorua reachtaíocht intíre maidir le PNR agus thosaigh a húdarás inniúil a ainmníodh chun sonraí PNR maidir le heitiltí a thuirlingíonn nó a imíonn óna haerfoirt a fháil agus a phróiseáil ag oibriú i mí Mheán Fómhair 2022.

Faoi dhlí an Aontais, ní fhéadfar sonraí pearsanta a aistriú ón Aontas chuig tríú tír ach amháin má áirithíonn an tír sin leibhéal cosanta do shonraí pearsanta atá coibhéiseach go bunúsach leis an leibhéal cosanta a ráthaítear laistigh den Aontas. I ndáil leis sin, ní mór a thabhairt faoi deara nach tríú tír í an Íoslainn de réir bhrí Chaibidil V de Rialachán 2016/679[8], ós rud é gur

---

4 Treoir (AE) 2016/681 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le húsáid sonraí as an taifead ainmneacha paisinéirí (PNR) chun cionta sceimhlitheoireachta agus an choireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh (IO L 119, 4.5.2016, lgh. 132–149),), dá ngairtear 'Treoir PNR' anseo feasta nó 'Treoir (AE) 2016/681'.

5 Breithiúnas ón gCúirt (an Mór-Dlísheomra) an 21 Meitheamh 2022 'Ligue des droits humains ASBL v Conseil des ministres', C-817/19, EU:C:2022:491. Bhain an bhreithiúnas le hiarraidh ar réamhrialú ó Cour Constitutionnelle na Beilge.

6 an Coinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen an 14 Meitheamh 1985 idir Rialtais Stáit Aontas Eacnamaíoch Benelux, Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine agus Phoblacht na Fraince maidir le seiceálacha ag a gcomhtheorainneacha a dhíothú de réir a chéile a chur chun feidhme. Iris Oifigiúil L 239, 22/9/2000, lch. 0019-0062.

7 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, 'Straitéis i dtreo limistéar Schengen atá lánfheidhmiúil agus athléimneach', COM(2021)277 final, (2.6.2021), leathanach 13.

8 Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE). IO L 119, 4.5.2016, lgh. 1–88.

ionchorpraíodh an Rialachán sin le hoiriúnuithe in Iarscríbhinn XI a ghabhann leis an gComhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE). Mar sin féin, níl feidhm ag creat na rialacha a leagtar amach sa Rialachán sin maidir le próiseáil sonraí pearsanta, lena n- áirítear sonraí PNR, ag údaráis forfheidhmithe dlí na hÍoslainne chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, lena n- áirítear coimirciú a dhéanamh in aghaidh bagairtí ar an tslándáil phoiblí agus cosc a chur ar na bagairtí sin. An tráth céanna, ós rud é go bhfuil an Iorua faoi cheangal ag gníomhartha an Aontais ar forbairt iad ar fhorálacha *acquis* Schengen, de bhun Chomhaontú Comhlachais Schengen idir an tAontas agus an Iorua in 1999, tá sí ceaptha Treoir (AE) 2016/680 a chur i bhfeidhm ar an mbealach céanna le Ballstáit an Aontais. Ní forbairt ar *acquis* Schengen í Treoir PNR áfach, agus dá bhrí sin níl an Iorua rannpháirteach i gcur chun feidhme na hionstraime dlí sin.

Sna himthosca sin, is é sin le rá, in éagmais coimircí iomchuí i ndáil le próiseáil shonrach sonraí PNR, coimircí atá le bunú trí bhíthin bunús dlí bailí mar a cheanglaítear le dlí an Aontais, ní fhéadfaidh an Iorua sonraí PNR maidir le heitiltí a oibríonn aeriompróirí idir an tAontas agus an Iorua a fháil ná a phróiseáil go dleathach.

I bhfianaise an mhéid sin, an 6 Meán Fómhair 2023, ghlac an Coimisiún Moladh, inar moladh go n-údaródh an Chomhairle tús a chur leis an gcaibidlíocht i ndáil le comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Iorua maidir le sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR) a aistriú chun cionta sceimhlitheoireachta agus an choireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh[9]. I gcomhthreo, mhol sé freisin tús a chur le caibidlíocht i ndáil le comhaontuithe den sórt sin le Cónaidhm na hEilvéise[10] agus leis an Íoslainn[11]. Thug an Chomhairle a húdarú chun tús a chur leis an gcaibidlíocht agus ghlac sí treoracha caibidlíochta[12] an 4 Márta 2024.

Is é is cuspóir don chomhaontú seo an bhearna slándála i limistéar Schengen a líonadh agus aistriú sonraí PNR ón Aontas chuig an Íoslainn a chumasú, i bhfianaise an ghá atá le sonraí PNR a úsáid mar uirlis riachtanach i gcomhrac na sceimhlitheoireachta agus cineálacha eile coireanna tromchúiseacha.

Cuireadh tús leis an gcaibidlíocht leis an Iorua, leis an Íoslainn agus le Cónaidhm na hEilvéise an 21 Márta 2024. An 9 Aibreán 2025, chuir na príomh-idirbheartaithe inisealacha le téacs an chomhaontaithe agus, dá bhrí sin, thug siad an chaibidlíocht i gcrích go foirmiúil.

Cuireadh na comhreachtóirí ar an eolas le linn an phróisis caibidlíochta agus chuathas i gcomhairle leo ag gach céim den chaibidlíocht, go háirithe trí thuairisciú do Mheitheal na Comhairle um Chomh-mhalartú Faisnéise maidir le Ceartas agus Gnóthaí Baile agus Coiste Pharlaimint na hEorpa um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Leag an Coimisiún imlínte leathana bheartas seachtrach an Aontais maidir le PNR amach ar dtús i dTeachtaireacht uaidh[13] in 2003 maidir le cur chuige an Aontais i leith aistrithe sonraí PNR ón Aontas chuig tríú tíortha, imlínte a ndearnadh athbhreithniú orthu i dTeachtaireacht a

9 COM(2023) 507 final (6.9.2023)
10 COM(2023) 509 final (6.9.2023)
11 COM(2023) 508 final (6.9.2023)
12 IO L, 2024/948, 25.3.2024.
13 COM(2003) 826 final (16.12.2003).

glacadh in 2010[14]. Faoi láthair tá trí chomhaontú idirnáisiúnta a chumhdaíonn aistriú agus próiseáil sonraí PNR ón Aontas i bhfeidhm idir an tAontas agus tríú tíortha, is iad sin an Astráil[15], na Stáit Aontaithe[16] (2012) agus an Ríocht Aontaithe[17] (2020). Tar éis na caibidlíochta a lean as Tuairim 1/15 ó CBAE an 26 Iúil 2017[18], síníodh Comhaontú nua PNR le Ceanada an 4 Deireadh Fómhair 2024[19].

Ar an leibhéal idirnáisiúnta, tá méadú tagtha ar an líon tríú tíortha atá tar éis tosú ar a gcumais a fhorbairt chun sonraí PNR a bhailiú ó aeriompróirí. Spreagtar an treocht sin freisin mar gheall ar Rúin a ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (in 2017 agus 2019) lenar ceanglaíodh ar gach Stát an cumas a fhorbairt sonraí PNR a bhailiú agus a úsáid[20], ar ar a mbonn sin a ghlac an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) Caighdeáin agus Cleachtais Mholta maidir le PNR (SARPanna) in 2020 trí bhíthin Leasú 28 ar Iarscríbhinn 9 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago, rud a tháinig i bhfeidhm i mí Feabhra 2021[21].

Le seasamh an Aontais, arna bhunú le Cinneadh (AE) 2021/121 ón gComhairle, cuirtear fáilte roimh SARPanna ICAO maidir le PNR ós rud é go leagtar síos iontu coimircí uaillmhianacha maidir le cosaint sonraí, rud a chumasaítear dul chun cinn suntasach a dhéanamh ar an leibhéal idirnáisiúnta. An tráth céanna, measadh sa Chinneadh sin ón gComhairle, trí bhíthin ceangal a chur ar na Ballstáit difríocht a chlárú, go bhfuil na ceanglais a eascraíonn as dlí an Aontais (lena n- áirítear cásdlí ábhartha) *níos éilithí* ná caighdeáin áirithe ICAO, agus go bhfuil gá le bunús dlí le haghaidh aistrithe ón Aontas chuig tríú tíortha lena mbunófaí rialacha soiléire beachta agus coimircí i ndáil le húdaráis inniúla de chuid tríú tír[22] sonraí PNR a úsáid.

Sa chomhthéacs seo, is cuid d’iarracht níos leithne ón gCoimisiún é freisin caibidlíocht agus tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe seo chun cur chuige comhsheasmhach agus éifeachtach a shaothrú maidir le haistriú sonraí PNR chuig tríú tíortha, mar a fógraíodh sa Straitéis um an Aontas Slándála 2020-2025[23], rud atá ag cur le SARPanna ICAO maidir le PNR, agus atá i gcomhréir le dlí an Aontais agus le cásdlí. D’iarr an Chomhairle cur chuige den sórt sin freisin sna Conclúidí uaithi ó mhí an Mheithimh 2021[24].

---

14 COM(2010) 492 final (21.9.2010).

15 IO L 186, 14.7.2012, lgh. 4–16.

16 IO L 215, 11.8.2012, lgh. 5–14.

17 IO L 149, 30.4.2021, lgh. 710–735.

18 AE:C:2017:592.

19 IO L, 2024/2891, 14.11.2024.

20 UNSCR 2396 (2017): ‘Tá an Chomhairle Slándála: [..] 12. Tar éis a chinneadh go bhforbróidh na Ballstáit an cumas sonraí as an taifead ainmneacha paisinéirí (PNR) a bhailiú, a phróiseáil agus a anailísiú, chun caighdeáin agus cleachtais mholta ICAO a chur chun cinn, agus chun a áirithiú go n- úsáideann a n- údaráis inniúla náisiúnta uile na sonraí PNR agus go gcomhroinntear leo iad, agus lánurraim á tabhairt do chearta an duine agus do shaoirsí bunúsacha, chun cionta sceimhlitheoireachta agus taisteal gaolmhar a chosc, a bhrath agus a imscrúdú, [...]’. Féach freisin UNSCR 2482 (2019).

21 Iarscríbhinn 9, Caibidil 9, Roinn D a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta.

22 IO L 37, 3.2.2021, lgh. 6-9.

23 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Straitéis an Aontais um an Aontas Slándála, COM(2020) 605 final an (24.7.2020): [..] mar ghníomhaíocht lárthéarma, seolfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an gcur chuige reatha i leith aistriú sonraí PNR chuig tríú tíortha.’.

24 Conclúidí ón gComhairle an 7 Meitheamh 2021 maidir le haistriú sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR) chuig tríú tíortha, go háirithe an Astráil agus na Stáit Aontaithe, chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht thromchúiseach a chomhrac, Doiciméad 9605/21 ón gComhairle an 8 Meitheamh 2021: ‘*Iarrann sí ar an gCoimisiún cur chuige comhsheasmhach agus éifeachtach a shaothrú maidir le sonraí PNR a*

Leis seo, tá an Coimisiún ag iarraidh freisin freagairt do ghlaonna ó aeriompróirí maidir le soiléireacht dhlíthiúil agus tuarthacht níos fearr a áirithiú i ndáil le haistrithe PNR chuig tríú tíortha[25].

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Déantar foráil in Airteagal 218(5) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) maidir le cinntí 'lena n-údarófar comhaontú a shíniú agus, más gá, é a chur i bhfeidhm go sealadach roimh a theacht i bhfeidhm.' Ós rud é gurb é is aidhm don togra údarú a fháil chun an Comhaontú a shíniú, is é Airteagal 218(5) CFAE an bunús dlí nós imeachta.

Tá dhá phríomhaidhm agus príomh-chomhpháirt ag an togra; baineann ceann amháin acu leis an ngá slándáil phoiblí a áirithiú trí bhíthin sonraí PNR a aistriú chuig an Iorua agus baineann an ceann eile leis an bpríobháideachas agus cearta agus saoirsí bunúsacha eile a chosaint. Dá bhrí sin, is é Airteagal 16(2) agus Airteagal 87(2)(a) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh bunús dlí substainteach an togra.

- **Comhréireacht**

Maidir le cuspóirí an Aontais, a mhéid a bhaineann leis an togra seo mar a leagtar amach thuas, ní féidir iad a bhaint amach ach amháin trí bhunús dlí bailí a bhunú ar leibhéal an Aontais chun a áirithiú go ndeonófar cosaint iomchuí ar chearta bunúsacha d'aistrithe sonraí pearsanta ón Aontas. Tá forálacha an chomhaontaithe teoranta don mhéid is gá chun a phríomhchuspóirí a bhaint amach agus chun cothromaíocht chóir a aimsiú idir an cuspóir dlisteanach maidir leis an tslándáil phoiblí a chaomhnú agus an ceart atá ag gach duine tairbhiú de chosaint a shonraí phearsanta agus a shaoil phríobháidigh.

- **An rogha ionstraime**

Na coimircí iomchuí is gá chun sonraí PNR a fhaigheann an Iorua ó aeriompróirí maidir le heitiltí arna n-oibriú ag aeriompróirí idir an tAontas agus an Iorua a phróiseáil go sonrach, ní mór iad a bhunú trí bhíthin bunús dlí bailí faoi dhlí an Aontais. Is é atá sa Chomhaontú seo bunús dlí den sórt sin lena gcumasaítear aistrithe sonraí PNR.

- **Cearta bunúsacha**

Is é atá i gceist le sonraí PNR a mhalartú agus a phróiseáil ag údaráis tríú tír sárú ar chearta bunúsacha chun príobháideachais agus chun cosanta sonraí. Tá údar leis an sárú sin freisin, áfach, toisc go saothraítear cuspóirí dlisteanacha leis an gComhaontú i.e. an choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh. Cuimsítear sa Chomhaontú coimircí cosanta sonraí iomchuí maidir leis na sonraí pearsanta a aistrítear agus a phróiseáiltear, i gcomhréir le dlí an Aontais, go háirithe Airteagail 7, 8, 47 agus 52 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais.

---

*aistriú chuig tríú tíortha chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht thromchúiseach a chomhrac, ag cur le SARPanna ICAO, agus i gcomhréir leis na ceanglais ábhartha a bhunaítear faoi dhlí an Aontais*.'

[25] Mar a luann na haeriompróirí, lena n- áirítear mar fhreagra ar an gcomhairliúchán faoin Treochlár, is mó ná riamh atá siad i staid 'coinbhleachta dlíthe' idir dhá chreat rialála éagsúla, atá ar fáil ag: https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/12531-Aerthaisteal-sonrai-maidir-le-hainmneacha-paisineiri-a-roinnt-laistigh-den-Aontas-agus-taobh-amuigh-de-measunu-_ga.

## 3. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleacht bhuiséadach ar bhuiséad an Aontais.

## 4. EILIMINTÍ EILE

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

I gcomhréir iomlán le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, cásdlí ábhartha Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, agus na treoracha caibidlíochta, soláthraítear sa Chomhaontú bunús dlí, coinníollacha agus coimircí le haghaidh aistriú sonraí PNR a fhaightear ó aeriompróirí ón Aontas chuig an Iorua agus le haghaidh phróiseáil na sonraí sin ag an Iorua:

Leagtar amach in Airteagal 1 raon feidhme agus cuspóirí an Chomhaontaithe.

In Airteagal 2 tá príomhshainmhínithe an Chomhaontaithe, *inter alia* ar 'Aonad um Fhaisnéis faoi Phaisinéirí' (PIU) na hIorua mar an t-údarás inniúil ainmnithe atá freagrach as sonraí PNR a phróiseáil agus ar na téarmaí 'an choireacht thromchúiseach' agus 'an sceimhlitheoireacht', i gcomhréir leis an gcaoi ar sainíodh na coincheapa sin in ionstraimí ábhartha eile de chuid dhlí an Aontais;

Rialaítear le hAirteagal 3 modh agus minicíocht aistrithe sonraí PNR ag aerlínte chuig PIU na hIorua d'fhonn a áirithiú go gcoinneofar aistrithe sonraí PNR chomh híseal agus is féidir agus go mbeidh siad comhréireach leis an gcuspóir a shonraítear sa Chomhaontú.

Déantar foráil in Airteagal 4 maidir le réiteach teicniúil comhchoiteann tríd an deis a thabhairt don Iorua úsáid a bhaint as an ródaire API-PNR a bunaíodh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2025/13[26] agus mar a bheartaítear le hAirteagal 10(c) den Rialachán sin.

In Airteagal 5 leagtar amach teorannú an chuspóra, i.e. cionta sceimhlitheoireachta agus an choireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, ar bhealach uileghabhálach i gcás gach próiseála PNR a chumhdaítear leis an gComhaontú.

In Airteagal 6, leagtar amach trí mhódúlacht shonracha maidir le próiseáil sonraí PNR a fhaigheann PIU na hIorua faoin gComhaontú.

Déantar foráil in Airteagal 7 maidir le coimircí breise chun 'measúnú fíor-ama' a dhéanamh agus teorainn a chur le próiseáil uathoibrithe sonraí PNR.

Déantar foráil in Airteagal 8 maidir le toirmeasc ar chatagóirí speisialta sonraí PNR a phróiseáil i gcomhréir leis an gcaoi ar sainmhíníodh an coincheap sin in *acquis* an Aontais maidir le cosaint sonraí.

Déantar foráil in Airteagal 9 maidir le hardleibhéal slándála i ndáil le sonraí PNR a fhaightear faoin gComhaontú agus áirithítear leis go dtabharfar fógra faoi sháruithe ar shlándáil sonraí d'údarás maoirseachta um chosaint sonraí ainmnithe na hIorua.

Déantar foráil in Airteagal 10 maidir le logaí a choinneáil agus doiciméadú a dhéanamh ar phróiseáil PNR uile.

In Airteagal 11 tá rialacha maidir le stóráil shrianta sonraí PNR d'fhonn a áirithiú nach stóráiltear na sonraí sin níos faide ná mar is gá le haghaidh an chuspóra a shaothraítear leis an gComhaontú seo ná mar atá comhréireach leis an gcuspóir sin. I gcomhréir le cásdlí ábhartha

[26] Rialachán (AE) 2025/13 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Nollaig 2024 maidir le réamhaisnéis faoi phaisinéirí a bhailiú agus a aistriú chun cionta sceimhlitheoireachta agus an choireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/818.

Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, ceanglaítear leis an bhforáil seo go mbeidh nasc oibiachtúil idir sonraí PNR atá le coinneáil agus cuspóirí an chomhaontaithe, agus go mbeidh tréimhsí stórála faoi réir athbhreithnithe tráthrialta ag PIU na hIorua.

Ceanglaítear le hAirteagal 12 ar PIU na hIorua sonraí PNR a dhíphearsantú tar éis 6 mhí ar a mhéad.

In Airteagal 13 tá rialacha agus coinníollacha maidir le sonraí PNR a nochtadh laistigh den Iorua, e.g. trí nochtadh den sórt sin a theorannú d'údaráis ag a bhfuil feidhmeanna a bhaineann le cuspóirí an Chomhaontaithe agus trína cheangal go dtabharfaidh údarás breithiúnach nó comhlacht neamhspleách eile formheas roimh ré maidir le nochtaí den sórt sin.

In Airteagal 14 tá rialacha agus coinníollacha maidir le sonraí PNR a nochtadh lasmuigh den Iorua agus an Aontas, e.g. trí nochtadh den sórt sin a theorannú do thríú tíortha a bhfuil comhaontuithe inchomparáide curtha i gcrích acu leis an Aontas nó a bhfuil cinneadh leordhóthanachta ábhartha glactha ag an Aontas ina leith agus trína cheangal go dtabharfaidh údarás breithiúnach nó comhlacht neamhspleách eile formheas roimh ré maidir le nochtaí den sórt sin.

Cothaítear le hAirteagal 15 comhar póilíneachta agus breithiúnach trí mhalartú sonraí PNR nó torthaí ó phróiseáil sonraí PNR idir PIU na hIorua agus PIUanna de chuid Ballstát den Aontas, agus idir PIU na hIorua, ar thaobh amháin, agus Europol nó Eurojust laistigh dá gcuid inniúlachtaí féin, ar an taobh eile.

Ceanglaítear le hAirteagal 16 ar an Iorua na cearta agus na hoibleagáidí céanna a chur i bhfeidhm agus atá in Treoir (AE) 2016/680 maidir le próiseáil sonraí pearsanta faoin gComhaontú seo agus go ndéanfaidh údarás neamhspleách, arna bhunú i gcomhréir le cur chun feidhme na Treorach seo ag an Iorua, maoirseacht ar an bpróiseáil sin.

In Airteagal 17 tá oibleagáidí trédhearcachta agus faisnéise, lena n-áirítear ceanglas chun fógra a thabhairt do dhaoine aonair maidir le nochtadh a sonraí PNR.

Déantar foráil in Airteagal 18 maidir le hoibleagáid ar an Iorua fógra a thabhairt faoi chéannacht PIU na hIorua agus an údaráis maoirseachta náisiúnta.

Déantar foráil in Airteagal 19 maidir le teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

Déantar foráil in Airteagal 20 maidir le sásra um réiteach díospóidí agus sásra fionraíochta.

Déantar foráil in Airteagal 21 maidir leis an deis atá ag ceachtar Páirtí an Comhaontú a fhoirceannadh tráth ar bith.

Déantar foráil in Airteagal 22 maidir le rialacha i ndáil leis an gComhaontú a leasú.

Déantar foráil in Airteagal 23 maidir le meastóireacht chomhpháirteach a dhéanamh ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe.

Tá clásal in Airteagal 24 maidir le cur i bhfeidhm críochach an Chomhaontaithe.

2025/0144 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua ('an Iorua') maidir le sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR) a aistriú chun cionta sceimhlitheoireachta agus an choireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 16(2) agus Airteagal 87(2), pointe (a) i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 4 Márta 2024, d'údaraigh an Chomhairle an Coimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht i ndáil le comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Iorua maidir le sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR) a aistriú chun cionta sceimhlitheoireachta agus an choireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh ('an Comhaontú'). Tugadh an chaibidlíocht i gcrích go rathúil trí inisealacha a chur leis an gComhaontú an 9 Aibreán 2025.

(2) Leis an gComhaontú, cuirtear ar a gcumas d'aeriompróirí sonraí PNR a aistriú ón Aontas go dtí Ríocht na hIorua agus lánurraim á tabhairt do na cearta dá bhforáiltear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais, go háirithe an ceart chun saoil phríobháidigh agus saoil teaghlaigh a aithnítear in Airteagal 7 den Chairt agus an ceart go gcosnófaí sonraí pearsanta a aithnítear in Airteagal 8 den Chairt. Go háirithe, sa Chomhaontú tá coimircí iomchuí chun sonraí pearsanta arna n-aistriú faoin gComhaontú a chosaint.

(3) Cothaítear leis an gComhaontú comhar póilíneachta agus breithiúnach idir údaráis inniúla Ríocht na hIorua agus údaráis inniúla Bhallstáit an Aontais chomh maith le Europol agus Eurojust, agus é d'aidhm aige sin a gcumais a neartú chun teorainneacha seachtracha a neartú chomh maith le slándáil inmheánach a áirithiú go héifeachtach in éagmais rialuithe ag teorainneacha inmheánacha laistigh de limistéar Schengen.

(4) [I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.] NÓ [I gcomhréir le hAirteagal 3 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tá fógra tugtha ag Éirinn [, le litir an …,] gur mian léi a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Chinnidh seo].

(5) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm,

(6) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42 de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug an Maoirseoir tuairim [xxx] uaidh an [xx.xx.xxxx].

(7) Dá bhrí sin, ba cheart an Comhaontú a shíniú.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Formheastar leis seo síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua ('an Iorua') maidir le sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR) a aistriú chun cionta sceimhlitheoireachta agus an choireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, faoi réir thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe sin[1].

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

[1] Foilseofar téacs an Chomhaontaithe in éineacht leis an gcinneadh maidir lena thabhairt i gcrích.